2024/569

14.2.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/569 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Feabhra 2024

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin ('Cecina de León' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun na chéad fhomhíre de mhír 1 d'Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Spáinne maidir le formheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Cecina de León' atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún ([2]), faoi mar a leasaíodh é le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1184/2012 ([3]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin ([4]).

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm 'Cecina de Léon' (TGFC), is leasuithe iad atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 148, 21.6.1996, lch. 1).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1184/2012 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2012 lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Cecina de Léon (TGFC)] (IO L 338, 12.12.2012, lch. 16).
([4]) IO C 322, 12.9.2023, lch. 3

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún